**Teimpléad fá choinne Freagairtí ar an Chomhairliúchán**

**Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann**

Ba mhór ag an Roinn Oideachais (RO) thú a bheith páirteach sa chomhairliúchán phoiblí fán ráiteas beartais athbhreithnithe maidir leis an obair óige: **Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann**

Tháinig an ráiteas beartais athbhreithnithe seo as athbhreithniú cuimsitheach ar an bheartas óige – athbhreithniú atá déanta ag an Roinn, páistí, daoine óga, agus príomhpháirtithe leasmhara eile – an earnáil óige pobail, an earnáil óige dheonach, agus an tÚdarás Oideachais san áireamh.

I ndiaidh an phróisis athbhreithnithe, cuireadh na moltaí le chéile i sraith de shé phríomhthéama, agus tá siad leagtha amach sa dréachtdhoiciméad beartais atá ceangailte.

Is mian linn anois barúlacha an phobail a chluinstin agus cuireann muid fáilte roimh ionchur ó achan duine a bhfuil spéis aige sna seirbhísí óige i dTuaisceart Éireann.

Cuir do bharúil féin in iúl ar líne fríd Citizen Space, ach thú cliceáil ar "Freagra Ar Líne" thíos.

Beidh an comhairliúchán foscailte go dtí 23:59 ar XX 2026 – ná caill an deis difríocht a dhéanamh.

**Fógra fá Phríobháideachas agus Cosaint Sonraí**

**An dóigh a mbainfear feidhm as an fhaisnéis s'agat**

Tá an Roinn Oideachais (RO) tiomanta do chosaint an phríobháideachais s'agat. Tá an comhairliúchán seo á reáchtáil i gcomhréir leis an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus i gcomhréir leis an *Data Protection Act 2018*.

**An fhaisnéis a bhaileoidh muid**

Baileoidh muid an fhaisnéis a bhéarfas tú i Roinn A, B, C, agus D den fhoirm seo - agus san áireamh leis sin, sonraí pearsanta ar bith a roghnaíonn tú a roinnt linn

**An dóigh a mbainfidh muid feidhm as an fhaisnéis s'agat**

Ní bhainfidh muid úsáid as do chuid freagraí ach amháin ar mhaithe le hanailís a dhéanamh ar an aiseolas comhairliúcháin ar an ráiteas beartais um Shaolta Níos Gile Amach Anseo. Beidh na hoifigigh bheartais in ann na freagraí ar leith ó dhaoine a léamh agus a mheas, ach ní bheifear in ann thú a aithint go pearsanta in achoimre ar bith a bheas foilsithe fá na thorthaí, ach ab ea go dtugann tú toiliú sainráite i dtaca leis sin.

**Roinnt na faisnéise s'agat**

Ní roinnfear an fhreagairt s'agat le tríú páirtithe taobh amuigh den RO.  Féadfar na torthaí atá comhiomlánaithe le chéile, gan ainmneacha luaite leo, a fhoilsiú nó a roinnt le páirtithe leasmhara.

**An anaithnideacht agus an rúndacht**

Muna gcuireann tú d'ainm nó ainm d'eagrais ar fáil, láimhseofar do fhreagairt mar fhreagairt gan ainm.
Má bheir tú d'ainm agus/nó ainm d'eagrais, coinneofar na sonraí sin faoi rún agus ní fhoilseofar iad gan do thoiliú sainráite.
Má iarrann tú go bhfanfaidh do fhreagairt faoi rún, beidh meas againn air sin ach ab é go gceanglófar orainn í a nochtadh de réir an dlí (m.sh., faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise).

**<u>Roinn A: An Fhaisnéis Fútsa</u>**

Ainm (tá seo roghnach):
Seoladh ríomhphoist:
Cód poist:

**Cé acu thíos is fearr a chuireann síos ort féin? (Roghnaigh na cinn uilig atá ábhartha)**

Duine óg aois 4–8 ☐ 9-13 ☐ 14-18 ☐ 19-25 ☐
Tuismitheoir / cúramóir
Oibrí óige (íoctha) in eagras san Earnáil Pobail nó Dheonach
Oibrí deonach in eagras san Earnáil Pobail nó Dheonach
Oibrí óige (íoctha) san Údarás Oideachais
Oibrí deonach i suíomh óige de chuid an Údaráis Oideachais
Bainisteoir / cinnire ar sheirbhís óige
Iontaobhaí / comhalta boird ar eagras óige
Ionadaí thar ceann eagras san Earnáil Pobail nó Dheonach
Ionadaí thar ceann eagras reachtúil (m.sh., an ÚO, an RO, Sláinte, SPTÉ, Comhairle)
Ceannaire / múinteoir scoile
Ionadaí tofa / Duine déanta beartas
Eile (iarrtar ort sonraí a thabhairt): ________________

**Inis dúinn an bhfuil tú ag freagairt ar do shon féin nó thar ceann eagrais. Má tá tú ag freagairt thar ceann eagrais, iarrtar ort ainm an eagrais a thabhairt agus iarrtar ort a dhearbhú go bhfuil an t-údarás agat freagairt a thabhairt thar a cheann.**

Ar do shon féin

Thar ceann eagrais

**Cén cur síos a dhéanfá ar an leibhéal rannpháirtíochta atá agat sna seirbhísí óige? (ticeáil ceann amháin)**

Rannpháirtíocht rialta (m.sh., bíonn tú ag obair i gclub óige nó ag freastal ar club óige go minic)
Rannpháirteach ó am go chéile
Rannpháirt theoranta nó gan rannpháirt dhíreach ar bith agat

**Cé acu de na grúpaí Alt 75 seo a leanas a bhfuil baint agat leo?**

**Creideamh:** Caitliceach ☐ Protastúnach ☐ Budaí ☐ Hiondúch ☐ Giúdach ☐
Moslamach ☐ Gan chreideamh ☐ Suíceach ☐ Creideamh eile ☐
B'fhearr liom gan a rá ☐
**Barúil pholaitíochta**: m.sh., Náisiúnaithe ar an fhormhór ☐
Aontachtaithe ar an fhormhór ☐
baill/tacadóirí le páirtithe polaitíochta eile ☐ B'fhearr liom gan a rá ☐
**Cine:** Gorm Geal Síneach Indiach Pacastánach
Eitneach measctha Polannach Romach Duine den Lucht Siúil
B'fhearr liom gan a rá
**Aois:** Faoi bhun 18 18 – 25 26 – 34 35 – 44 45 – 54 55 – 64
65 nó níos sine
**Stádas Pósta:** Pósta I bpáirtnéireacht shibhialta In aontíos le céile
Colscartha Scartha Singil Baintreach
**Gnéaschlaonadh:** Heitrighnéasach Aerach nó Leispiach Déghnéasach
Eile B'fhearr liom gan a rá
**Fir agus mná i gcoitinne:** Gnéas bitheolaíoch (ar do bhreith) Fireann ☐ Baineann ☐
B'fhearr liom gan a rá ☐
**Duine atá faoi mhíchumas:** ☐
**Duine a bhfuil cleithiúnaithe aige:** ☐

**Roinn B: Na Ceisteanna Comhairliúcháin de réir Téama**

**Tá 'Saolta Níos Gile Amach Anseo – Ráiteas Beartais um an Obair Óige i dTuaisceart Éireann' ceangailte mar dhoiciméad ann féin, agus tá sé roinnte ina 6 phríomhthéama. Sna ceisteanna a leanas, tá muid ag lorg do chuid barúlacha. Bheirtear teideal gach téama chomh maith leis na torthaí atá beartaithe, ar mhaithe le héascú na dtagairtí duit; ach, bheirtear an comhthéacs níos leithne, chomh maith leis na sonraí cúlra, sa ráiteas beartais cheangailte sa dóigh is go dtig leat iad a mheas ina n-iomlán. Tabhair freagra ar na ceisteanna uilig atá, dar leat, ábhartha duitse.** Maidir le gach ceist acu, cuir in iúl dúinn an leibhéal a aontaíonn tú léi, agus ansin cuidigh lenár dtuiscint ach na cúiseanna atá agat taobh thiar de sin a thabhairt dúinn, chomh maith le barúlacha nó moltaí ar bith eile atá agat.

**Téama 1: Na Seirbhísí**

**Na Torthaí atá Beartaithe:**

1. **Seirbhísí óige atá seasmhach, sábháilte, ionchuimsitheach, agus ar ardchaighdeán do na daoine óga, beag beann ar an áit ná ar a gcúlra.**
2. **Seirbhísí atá deartha i gcomhar leis na daoine óga féin agus atá ag teacht go sonrach leis an taithí saoil s'acu.**
3. **Obair óige ar bun a chuireann leis an oideachas fhoirmiúil, a fheabhsaíonn an rannpháirteachas, an tinreamh, agus na torthaí saoil i gcoitinne.**
4. **Obair óige ar bun atá uilíoch, spriocdhírithe, agus feabhsaithe agus í curtha ar fáil ar bhonn seasmhach éifeachtach, agus sin léirithe i dtuarascálacha bliantúla, agus glactha san áireamh leis sin, beidh: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL), ceanglais dhlíthiúla chomhionannais, agus na ceanglais dhlíthiúla ábhartha uilig eile.**
5. **Tacaíocht chuimsitheach curtha ar fáil leis an chleachtas a fheabhsú, roimh na cigireachta agus ina diaidh sin fosta, agus sin léirithe go sonrach sna hathbhreithnithe bliantúla.**

**C1.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le Téama 1 agus leis na torthaí beartaithe a ghabhann leis sa dréachtbheartas:

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort cúis do fhreagra thuas a thabhairt chomh maith le barúlacha/moltaí ar bith atá agat maidir le Téama 1 agus lena thorthaí bheartaithe, m.sh. cad é na rudaí a oibríonn go maith, nó cad é a d'fhéadfaí a athrú nó a chur leo:

**Téama 2: Measúnú ar na riachtanais agus ar na torthaí, agus sin bunaithe ar fhianaise**

**Na Torthaí atá Beartaithe:**

1. **An tsainaithint déanta ar riachtanais mheasúnaithe na bpáistí agus na ndaoine óga, agus aghaidh tugtha orthu sin, agus na torthaí bailithe agus tuairiscithe**
2. **Ord tosaíochtaí na seirbhísí a bheith socraithe agus sin bunaithe ar na riachtanais a bhfuil fianaise ann dóibh, lena áirithiú go mbeidh na hacmhainní dírithe go héifeachtach**
3. **An cumas curtha ar na daoine óga lena dtuairimí a chomhroinnt agus le tionchar a imirt ar an chinnteoireacht, mar a léirítear sna tuarascálacha *Youth Voice*.**
4. **An tionchar le feiceáil go soiléir, agus feabhsuithe intomhaiste ann sna torthaí do na daoine óga, a bheas féin mar bhonn fianaise láidir do chur ar fáil na hoibre óige, fríd mheasúnuithe agus taighde.**

**C2.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le Téama 2 agus leis na torthaí beartaithe a ghabhann leis sa dréachtbheartas, m.sh. cad é na rudaí a oibríonn go maith, nó cad é a d'fhéadfaí a athrú nó a chur leo:

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort cúis do fhreagra thuas a thabhairt chomh maith le barúlacha/moltaí ar bith atá agat maidir le Téama 2 agus lena thorthaí bheartaithe:

**Téama 3: An Lucht Saothair Óige**

**Na Torthaí atá Beartaithe:**

1. **Lucht saothair atá oilte, ilchineálach agus inbhuanaithe a bheith in áit ar fud réimsí uilig na hoibre óige.**
2. **Sainaithint déanta agus aghaidh tugtha ar riachtanais mheasúnaithe an luchta saothair, agus na torthaí orthu sin bailithe agus tuairiscithe.**
3. **Curaclam éifeachtach in áit le tacú leis na hoibrithe óige, agus tomhas déanta ar an tionchar atá aige.**
4. **Aitheantas agus urraim tugtha don lucht saothair, agus mar gheall air sin, cobhsaíocht níos daingne agus torthaí níos fearr a bheith ann do na daoine óga.**

**C3.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le Téama 3 agus leis na torthaí beartaithe a ghabhann leis sa dréachtbheartas:

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort cúis do fhreagra thuas a thabhairt chomh maith le barúlacha/moltaí ar bith atá agat maidir le Téama 3 agus lena thorthaí bheartaithe, m.sh. cad é na rudaí a oibríonn go maith, nó cad é a d’fhéadfaí a athrú nó a chur leo:

**Téama 4: Cistiú agus saoráidí**

**Na Torthaí atá Beartaithe:**

1. **Acmhainní a bheith in úsáid go héifeachtach le freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga, agus sin léirithe sna tuarascálacha bliantúla.**
2. **Fáil ag daoine óga ar shaoráidí atá ar ardchaighdeán, sábháilte agus inrochtana, agus atá foscailte ag na hamanna cuí agus sna háiteanna cuí.**
3. **Tairbhe ar son na seirbhísí óige faighte as foinsí cistiúcháin níos inmharthana níos éagsúlaithe ar fud na n-earnálacha.**
4. **Méadú sa chomhoibriú agus laghdú sa dúbláil, leis an luach ar airgead is fearr a thabhairt.**

**C4.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le Téama 4 agus leis na torthaí beartaithe a ghabhann leis sa dréachtbheartas:

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort cúis do fhreagra thuas a thabhairt chomh maith le barúlacha/moltaí ar bith atá agat maidir le Téama 4 agus lena thorthaí bheartaithe, m.sh. cad é na rudaí a oibríonn go maith, nó cad é a d'fhéadfaí a athrú nó a chur leo:

**Téama 5: Na struchtúir agus an tacaíocht**

**Na Torthaí atá Beartaithe:**

1. **An córas i bhfeidhm mar shamhail soláthair atá comhtháite comhordaithe, agus é dírithe ar thorthaí do na daoine óga.**
2. **Na struchtúir rialachais agus tacaíochta ag cumasú na cinnteoireachta éifeachtaí, chomh maith le feabhsú leanúnach ar an chóras.**
3. **Comhpháirtíochtaí éifeachtacha leis an EPD forbartha le freastal ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga.**
4. **Aghaidh tugtha ar an acmhainn ar fáil leis an obair óige a sholáthar taobh istigh den EPD le torthaí na hoibre óige a fheabhsú do na páistí agus na daoine óga.**

**C5.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le Téama 5 agus leis na torthaí beartaithe a ghabhann leis sa dréachtbheartas:

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort cúis do fhreagra thuas a thabhairt chomh maith le barúlacha/moltaí ar bith atá agat maidir le Téama 5 agus lena thorthaí bheartaithe, m.sh. cad é na rudaí a oibríonn go maith, nó cad é a d’fhéadfaí a athrú nó a chur leo:

**Téama 6: Comhpháirtíochtaí**

**Na Torthaí atá Beartaithe:**

1. **Comhpháirtíochtaí éifeachtacha le gníomhaireachtaí reachtúla agus le comhlachtaí rialtais eile a bheith leabaithe i gcleachtas na hoibre óige, agus tacaíocht chomhcheangailte á cur ar fáil do na daoine óga.**
2. **Comhoibriú trasna na n-earnálacha le torthaí comhroinnte a bhaint amach agus an tionchar comhchoiteann a uasmhéadú.**
3. **Comhroinnt éifeachtach na n-acmhainní, an eolais agus an tsaineolais, le freastal agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú.**

**C6.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le Téama 6 agus leis na torthaí beartaithe a ghabhann leis sa dréachtbheartas:

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort cúis do fhreagra thuas a thabhairt chomh maith le barúlacha/moltaí ar bith atá agat maidir le Téama 6 agus lena thorthaí bheartaithe, m.sh. cad é na rudaí a oibríonn go maith, nó cad é a d'fhéadfaí a athrú nó a chur leo:

## **Roinn C: An Teacht Foriomlán atá Agat leis an Ráiteas Beartais**

**C7.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis, go bhfuil an teideal ag fóirstean don ráiteas beartais?

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Má bhíonn moladh nó moltaí agat fá choinne teideal eile, iarrtar ort iad a thabhairt dúinn anseo:

**C8.** Cá mhéad a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis an ráiteas beartais, Saolta Níos Gile Amach Anseo, ina iomlán?

Aontaím go láidir
Aontaím
Neodrach
Easaontaím
Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort cúis do fhreagra thuas a thabhairt chomh maith le rud ar bith eile a ba mhaith leat a rá linn fán ráiteas beartais Saolta Níos Gile Amach Anseo (níl ort athrá a dhéanamh ar an freagraí a thug tú ar na téamaí eile cheana féin)?

**Roinn D: An Comhionannas, Cearta an Duine, Cearta an Linbh, agus an Tionchar Tuaithe**

**Ceangailte leis an chomhairliúchán seo, tá doiciméad um Scagadh Comhionannais agus Cearta an Duine, chomh maith le Measúnú Tionchair ar Chearta an Pháiste agus Measúnú Tionchair ar an Tuath. Tá muid ag lorg na mbarúlacha s'agatsa ar na ceisteanna thíos.**

**C9** An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na torthaí sa doiciméad fá Scagadh na dTionchar Comhionannais?

• Aontaím go láidir
• Aontaím
• Neodrach
• Easaontaím
• Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort insint dúinn fá bharúlacha nó moltaí eile atá agat i dtaca leis an cheist seo.

**C10.** An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na torthaí sa doiciméad fán Mheasúnú Tionchair ar Chearta an Pháiste (MTCP)?

• Aontaím go láidir
• Aontaím
• Neodrach
• Easaontaím
• Easaontaím go láidir
Níl a fhios agam

Iarrtar ort insint dúinn fá bharúlacha nó moltaí eile atá agat i dtaca leis an cheist seo.

**C11** An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na tátail sa Mheasúnú Tionchair ar na Riachtanais Tuaithe (MTRT)?

• Aontaím go láidir
• Aontaím
• Neodrach
• Easaontaím
• Easaontaím go láidir

Iarrtar ort insint dúinn fá bharúlacha nó moltaí eile atá agat i dtaca leis an cheist seo.